CINNTÍ

CINNEADH (AE) 2023/1680 ÓN mBANC CEANNAIS EORPACH

an 17 Lúnasa 2023

maidir le tuairisciú phleananna cistiúcháin na n-eintiteas faoi mhaoirseacht ag údaráis inniúla náisiúnta chuig an mBanc Ceannais Eorpach *(BCE/2023/19)*

(athmhúnlú)

COMHLAIRLE RIALAITHE AN BHAINC CEANNAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1024/2013 ón gComhairle an 15 Deireadh Fómhair 2013 ina dtugtar cúraimí sainiúla don Bhanc Ceannais Eorpach i dtaca le beartais a bhaineann le maoirseacht stuamachta institiúidí creidmheasa ([1]), agus go háirithe Airteagal 6(2) de,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 468/2014 ón mBanc Ceannais Eorpach an 16 Aibreán 2014 lena mbunaítear an creat um chomhar laistigh den Sásra Aonair Maoirseachta idir an Banc Ceannais Eorpach agus na húdaráis inniúla náisiúnta agus le húdaráis ainmnithe náisiúnta (Creat-Rialachán an tSásra Aonair Maoirseachta) (BCE/2014/17) ([2]), agus go háirithe Airteagal 21(1) de,

Ag féachaint don togra ón mBord Maoirseachta,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Déanann Treoirlínte an Údaráis Baincéireachta Eorpaigh (ÚBE) maidir le sainmhínithe agus teimpléid chomhchuibhithe le haghaidh pleananna cistiúcháin institiúidí creidmheasa faoi Mholadh an Bord Eorpach um Riosca Sistéamach an 20 Nollaig 2012 (BERS/2012/2) (ÚBE/GL/2019/05) (dá ngairtear 'Treoirlínte ÚBE 2019' ([3]) anseo feasta) comhchuibhiú ar na teimpléid agus na sainmhínithe chun tuairisciú pleananna cistiúcháin ag institiúidí creidmheasa a éascú.

(2) Tá Treoirlínte ÚBE 2019 dírithe ar údaráis inniúla, mar a shainmhínítear in Airteagal 4, pointe (2) de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, ([4]) agus ar institiúidí airgeadais a thuairiscíonn pleananna cistiúcháin dá n-údaráis inniúla i gcomhréir le creat náisiúnta cur chun feidhme Mholadh BERS/2012/2 ón mBord Eorpach um Riosca Sistéamach ([5]).

(3) Chun na cúraimí a thugtar dó le hAirteagal 4(1) agus 4(2) agus le hAirteagal 5(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1024/2013 a dhéanamh, agus chun na críche sin amháin, meastar go bhfuil BCE, de réir mar is iomchuí, an t-údarás inniúil nó an t-údarás ainmnithe sna Ballstáit rannpháirteacha arna mbunú le dlí an Aontais. Dá bhrí sin, tá BCE ar cheann de sheolaithe Threoirlínte ÚBE 2019.

(4) I gcomhréir le hAirteagal 6(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1024/2013 agus le hAirteagal 21 de Rialachán (AE) Uimh. 468/2014 (BCE/2014/17), tá BCE agus údaráis inniúla náisiúnta (ÚINanna) araon faoi réir oibleagáide faisnéis a mhalartú. Gan dochar do chumhacht BCE faisnéis thuairiscithe a fháil go díreach ó eintitis shuntasacha faoi mhaoirseacht nó rochtain dhíreach a bheith acu ar an bhfaisnéis sin ar bhonn leanúnach, ceanglaítear ar ÚINanna gach faisnéis is gá chun na cúraimí a thugtar do BCE le Rialachán (AE) Uimh. 1024/2013 a chur ar fáil go sonrach do BCE.

([1]) IO L 287, 29.10.2013, lch. 63.
([2]) IO L 141, 14.5.2014, lch. 1.
([3]) Le fáil ar shuíomh gréasáin ÚBE ag www.eba.europa.eu.
([4]) Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (an tÚdarás Baincéireachta Eorpach), lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2009/78/CE ón gCoimisiún (IO L 331, 15.12.2010, lch. 12).
([5]) Moladh BERS/2012/2 ón mBord Eorpach um Riosca Sistéamach an 20 Nollaig 2012 maidir le hinstitiúidí creidmheasa a mhaoiniú (IO C 119, 25.4.2013, lch. 1).

(5) Chun Treoirlínte ÚBE 2019 a chomhlíonadh, ba cheart do BCE a áirithiú go ndéanfaidh eintitis faoi mhaoirseacht a bpleananna cistiúcháin a thuairisciú i gcomhréir leis na teimpléid chomhchuibhithe agus na sainmhínithe comhchuibhithe dá dtagraítear sa teimpléad don phlean cistiúcháin atá i gceangal le Treoirlínte ÚBE 2019. Chuige sin, le Cinneadh (AE) 2017/1198 ón mBanc Ceannais Eorpach (BCE/2017/21) ([6]) bunaítear nósanna imeachta comhchuibhithe chun na pleananna cistiúcháin sin a chur faoi bhráid BCE chomh maith le mionsonraí maidir le huainiú chur isteach na faisnéise agus na seiceálacha cáilíochta arna ndéanamh ag ÚINanna sula gcuirtear faisnéis faoi bhráid BCE.

(6) Chun cúraimí an BCE a fheidhmiú i ndáil le tuairisciú maoirseachta, sonraítear i gCinneadh BCE/2014/29 ón mBanc Ceannais Eorpach ([7]) an chaoi a gcuireann ÚINanna faisnéis áirithe a fhaigheann siad ó eintitis faoi mhaoirseacht faoi bhráid BCE agus an t-am a chuirtear an tíolacadh sin isteach.

(7) Déantar Cinneadh BCE/2014/29 a aisghairm agus cuirtear Cinneadh (AE) 2023/1681 ón mBanc Ceannais Eorpach (BCE/2023/18) ina ionad ([8]). Is gá, dá bhrí sin, pleananna cistiúcháin institiúidí creidmheasa a chuireann ÚINanna faoi bhráid BCE a ailíniú le forálacha Chinneadh (AE) 2023/1681 (BCE/2023/18).

(8) Rinneadh Cinneadh (AE) 2017/198 (BCE/2017/21) a leasú go suntasach ([9]). Ós rud é go bhfuil tuilleadh leasuithe le déanamh air, ba cheart an Cinneadh sin a athmhúnlú ar mhaithe le soiléireacht,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Ábhar agus raon feidhme

Leagtar síos leis an gCinneadh seo na ceanglais ar údaráis inniúla náisiúnta (ÚINanna) pleananna cistiúcháin d'eintitis faoi mhaoirseacht shuntasacha áirithe nach bhfuil chomh suntasach céanna a sholáthar don Bhanc Ceannais Eorpach (BCE), agus bunaítear nósanna imeachta maidir le pleananna cistiúcháin den sórt sin a chur faoi bhráid BCE.

Airteagal 2

Sainmhínithe:

Chun críocha an Cinneadh seo, tá feidhm ag na sainmhínithe in Rialachán (AE) 468/2014 (BCE/2014/17).

Airteagal 3

Ceanglais maidir le pleananna cistiúcháin a thuairisciú

1. Cuirfidh ÚINanna ar fáil do BCE na pleananna cistiúcháin atá i gcomhréir le Treoirlínte an Údaráis Baincéireachta Eorpaigh (ÚBE) maidir le sainmhínithe agus teimpléid chomhchuibhithe le haghaidh pleananna cistiúcháin institiúidí creidmheasa faoi Mholadh an Bord Eorpach um Riosca Sistéamach an 20 Nollaig 2012 (BERS/2012/2) (ÚBE/GL/2019/05) ([10]) (dá ngairtear 'Treoirlínte ÚBE 2019' anseo feasta) na n-eintiteas faoi mhaoirseacht seo a leanas atá bunaithe ina mBallstáit rannpháirteacha faoi seach:

(a) eintitis shuntasacha faoi mhaoirseacht ar an leibhéal comhdhlúthaithe is airde sna Ballstáit rannpháirteacha ar bhonn comhdhlúite;

([6]) Decision (EU) 2017/1198 of the European Central Bank of 27 June 2017 on the reporting of funding plans of credit institutions by national competent authorities to the European Central Bank (ECB/2017/21) (Níl leagan Gaeilge ann) (IO L 172, 5.7.2017, p. 32).

([7]) *iCinneadh BCE/2014/29 ón mBanc Ceannais Eorpach an 2 Iúil 2014 maidir le sonraí maoirseachta a sholáthar don* Bhanc Ceannais Eorpach arna dtuairisciú do na húdaráis inniúla náisiúnta ag na heintitis faoi mhaoirseacht (IO L 214 19.7.2014, lch. 34).

([8]) Cinneadh (AE) 2023/1681 ón mBanc Ceannais Eorpach an 17 Lúnasa 2023 maidir le sonraí maoirseachta a sholáthar don Bhanc Ceannais Eorpach arna dtuairisciú ag na heintitis faoi mhaoirseacht do na húdaráis inniúla náisiúnta (BCE/2023/18) (féach leathanach 105 den Iris Oifigiúil seo).

([9]) Féach Iarscríbhinn I.

([10]) Le fáil ar shuíomh gréasáin ÚBE ag www.eba.europa.eu

(b) eintitis shuntasacha faoi mhaoirseacht nach cuid de ghrúpa faoi mhaoirseacht iad ar bhonn aonair;

(c) eintitis faoi mhaoirseacht nach bhfuil chomh suntasach céanna agus a mbailíonn an ÚIN ábhartha pleananna cistiúcháin ina leith i gcomhréir le Treoirlínte ÚBE 2019.

2. Déanfaidh ÚINanna a bhailíonn pleananna cistiúcháin eintiteas suntasach faoi mhaoirseacht nach dtagraítear dóibh i mhír 1, pointí (a) agus (b), na pleananna cistiúcháin sin a sholáthar do BCE má chomhlíonann siad Treoirlínte ÚBE 2019.

3. Cuirfear na pleananna cistiúcháin faoi bhráid BCE i gcomhréir leis na treoracha agus na teimpléid chomhchuibhithe dá dtagraítear i dTreoirlínte ÚBE 2019. Beidh an 31 Nollaig den bhliain roimhe sin mar dháta tagartha tuairiscithe ag na pleananna cistiúcháin.

I gcás ina gceadaítear d'eintitis faoi mhaoirseacht leis an dlí náisiúnta a bhfaisnéis airgeadais a thuairisciú bunaithe ar dheireadh na bliana cuntasaíochta, ar faisnéis í a imíonn ó dheireadh na bliana féilire, measfar gurb é deireadh na bliana cuntasaíochta is déanaí atá ar fáil an dáta tagartha tuairiscithe.

Airteagal 4

Dátaí seoltáin

1. Déanfaidh na ÚINanna ábhartha, tar éis dóibh pleananna cistiúcháin na n-eintiteas faoi mhaoirseacht dá dtagraítear in Airteagal 3(1), pointí (a) agus (b) agus Airteagal 3(2) a fháil, i gcomhréir le dáta íocaíochta an 15 Márta a shonraítear i dTreoirlínte ÚBE 2019 agus tar éis dóibh na seiceálacha tosaigh sonraí dá dtagraítear in Airteagal 7 a dhéanamh, na pleananna sin a chur ar fáil do BCE gan moill mhíchuí.

2. Maidir le pleananna cistiúcháin na n-eintiteas faoi mhaoirseacht dá dtagraítear in Airteagal 3(1), pointe (c), a áirítear ar liosta na nInstitiúidí is Mó sa Bhallstát mar a d'fhoilsigh ÚBE iad de bhun Airteagal 2(6) de Chinneadh ÚBE an 27 Iúil 2021 maidir le tuairisciú maoirseachta ag údaráis inniúla do ÚBE (ÚBE/DC/404), cuirfidh na húdaráis iomaíochta náisiúnta ábhartha iad ar fáil do BCE faoi 12:00 Am Lár na hEorpa (Central European Time, CET), ar a dhéanaí, ar an 10ú lá oibre tar éis an 15 Márta. ([11])

3. Déanfaidh na ÚINanna ábhartha pleananna cistiúcháin na n-eintiteas faoi mhaoirseacht nach dtagraítear dóibh i mír 1 ná i mír 2 a sholáthar do BCE faoi 12:00 CET, ar a dhéanaí, ar an 25ú lá oibre tar éis an 15 Márta.

Airteagal 5

Cáilíochta sonraí

1. Déanfaidh ÚINanna an méid seo a leanas:

(a) faireachán agus measúnú a dhéanamh ar cháilíocht agus iontaofacht na faisnéise a chuirtear ar fáil do BCE de bhun an Chinnidh seo;

(b) na rialacha bailíochtaithe ábhartha arna bhforbairt, arna gcothabháil agus arna bhfoilsiú ag ÚBE a chur i bhfeidhm; agus

(c) seiceálacha breise cáilíochta sonraí arna sainiú ag BCE a chur i bhfeidhm i gcomhar leis na húdaráis iomaíochta náisiúnta.

2. Déanfaidh ÚINanna a measúnú cáilíochta ar na sonraí maidir le pleananna cistiúcháin a chuirtear faoina mbráid i gcomhréir leis an méid seo a leanas:

(a) faoin 10ú lá oibre tar éis dháta seoltáin an 15 Márta dá dtagraítear i dTreoirlínte ÚBE 2019 maidir leis an méid seo a leanas:

  (i) eintitis shuntasacha faoi mhaoirseacht a thuairiscíonn ar an leibhéal comhdhlúthaithe is airde laistigh de na Ballstáit rannpháirteacha;

  (ii) eintitis shuntasacha faoi mhaoirseacht nach cuid de ghrúpa faoi mhaoirseacht iad;

([11]) Le fáil ar shuíomh gréasáin ÚBE ag www.eba.europa.eu

(iii) eintitis faoi mhaoirseacht atá aicmithe mar eintitis shuntasacha i gcomhréir leis na trí chritéar institiúidí creidmheasa is suntasaí ina mBallstát agus a thuairiscíonn ar bhonn comhdhlúite nó ar bhonn aonair, mura gceanglaítear orthu tuairisciú ar bhonn comhdhlúite, agus i gcás ina gcuireann ÚINanna pleananna cistiúcháin den sórt sin ar fáil do BCE i gcomhréir le hAirteagal 3(2);

(iv) eintitis faoi mhaoirseacht dá dtagraítear in Airteagal 3(1), pointe (c), a áirítear i liosta na nInstitiúidí is Mó sa Bhallstát mar a d'fhoilsigh ÚBE de bhun Airteagal 2(6) de Chinneadh ÚBE an 27 Iúil 2021 maidir le tuairisciú maoirseachta ag údaráis inniúla do ÚBE (ÚBE/DC/404) ([12]);

(b) maidir leis na heintitis shuntasacha faoi mhaoirseacht nach bhfuil cumhdaithe le pointe (a), faoin 25ú lá oibre tar éis dháta íocaíochta an 15 Márta dá dtagraítear i dTreoirlínte ÚBE 2019.

3. Maidir leis na rialacha bailíochtaithe agus na seiceálacha cáilíochta sonraí dá dtagraítear i mír 1 a chomhlíonadh, cuirfear an fhaisnéis isteach i gcomhréir leis na híoschaighdeáin bheachtais seo a leanas:

(a) cuirfidh ÚINanna faisnéis ar fáil, más infheidhme, maidir leis na forbairtí atá intuigthe ón bhfaisnéis a chuirtear isteach; agus

(b) beidh an fhaisnéis iomlán, déanfar na bearnaí atá ann cheana a aithint agus a mhíniú do BCE agus, más infheidhme, líonfar na bearnaí sin gan moill mhíchuí.

Airteagal 6

Faisnéis cháilíochtúil

1. Cuirfidh ÚINanna na míniúcháin chomhfhreagracha faoi bhráid BCE gan moill mhíchuí i gcás nach féidir údar a thabhairt le cáilíocht na sonraí le haghaidh tábla ar leith sa tacsanomaíocht.

2. Cuirfidh ÚINanna an méid seo a leanas in iúl do BCE:

(a) na cúiseanna le haon ath-thíolacadh ag eintitis shuntasacha faoi mhaoirseacht; agus

(b) na cúiseanna le haon athbhreithnithe suntasacha arna dtíolacadh ag eintitis shuntasacha faoi mhaoirseacht.

Chun críocha phointe (b), ciallaíonn 'athbhreithniú suntasach' aon athbhreithniú ar cheann amháin nó níos mó de na pointí sonraí, i dtéarmaí dearbhfhigiúirí a tuairiscíodh agus céatadán na n-éagsúlachtaí araon, a bhfuil tionchar suntasach acu ar an anailís stuamachta nó airgeadais a dhéantar agus úsáid á baint as na pointí sonraí sin ar leibhéal an eintitis.

Airteagal 7

Formáid an tarchuir

1. Cuirfidh ÚINanna an fhaisnéis a shonraítear sa Chinneadh seo isteach i gcomhréir leis an tSamhail Pointe Sonraí (Data Point Model) ábhartha agus tacsanomaíocht na eXtensible Business Reporting Language (XBRL) is infheidhme, arna forbairt, arna cothabháil agus arna foilsiú ag ÚBE.

2. I gcomhréir le hAirteagal 140(3) de Rialachán (AE) Uimh. 468/2014 (BCE/2014/17), ar an bhfaisnéis a dtagraítear i dTreoirlínte ÚBE 2019 a fháil, déanfaidh ÚINanna seiceálacha tosaigh sonraí chun a áirithiú gurb ionann na haighneachtaí agus tuarascáil bhailí XBRL i gcomhréir le mír 1.

3. Sainaithneofar na heintitis faoi mhaoirseacht sa tarchur comhfhreagrach trí úsáid a bhaint as an Aitheantóir Eintitis Dhlítheanaigh.

([12]) Le fáil ar shuíomh gréasáin ÚBE ag www.eba.europa.eu

Airteagal 8

Aisghairm

1. Aisghairtear Cinneadh (AE) 2017/1198 (BCE/2017/21).

2. Forléireofar tagairtí don Chinneadh arna aisghairtm mar thagairtí don Chinneadh seo agus léifear iad de réir an tábla comhghaoil in Iarscríbhinn II.

Airteagal 9

Teacht in éifeacht

Tiocfaidh an Cinneadh seo in éifeacht ar lá a thabharfar fógra do na seolaithe.

Airteagal 10

Seolaithe

Dírítear an Cinneadh seo ar údaráis inniúla náisiúnta na mBallstát rannpháirteach.

Arna dhéanamh in Frankfurt am Main, an 17 Lúnasa 2023.

Uachtarán BCE
Christine LAGARDE

IARSCRÍBHINN I

Cinneadh Aisghairthe le liosta de na leasuithe comhleanúnacha a rinneadh air

Cinneadh (AE) 2017/1198 ón mBanc Ceannais Eorpach an 27 Meitheamh 2017 maidir le tuairisciú pleananna cistiúcháin institiúidí creidmheasa ag údaráis inniúla náisiúnta don Bhanc Ceannais Eorpach (BCE/2017/21) (IO L 172, 5.7.2017, lch. 32).
Cinneadh (AE) 2021/432 ón mBanc Ceannais Eorpach an 1 Márta 2021 lena leasaítear Cinneadh (AE) 2017/1198 maidir le tuairisciú pleananna cistiúcháin institiúidí creidmheasa ag údaráis inniúla náisiúnta don Bhanc Ceannais Eorpach (BCE/2021/7) (IO L 86, 12.3.2021, lch. 14).

IARSCRÍBHINN II

Tábla comhghaoil

Cinneadh (AE) 2017/1198	An Cinneadh seo
Airteagal 1	Airteagal 1
Airteagal 2	Airteagal 2
Airteagal 3	Airteagal 3
Airteagal 4	Airteagal 4
Airteagal 5(1)	Airteagal 5(1)
—	Airteagal 5(2)
Airteagal 5(2)	Airteagal 5(3)
Airteagal 6(1)	Airteagal 6(1)
Airteagal 6(2)	Airteagal 6(2), céad fhomhír, pointe (b)
—	Airteagal 6(2), céad fhomhír, pointe (a) agus 6(2), dara fomhír
Airteagal 7(1)	Airteagal 7(1)
—	Airteagal 7(2)
Airteagal 7(2)	Airteagal 7(3)
Airteagal 8	—
—	Airteagal 8
Airteagal 8a	—
Airteagal 9	Airteagal 9
Airteagal 10	Airteagal 10